Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2024
(OR. en)

10172/24
PV CONS 25
TRANS 243
TELECOM 189
ENER 245

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iompar, **Teileachumarsáid** agus Fuinneamh)

21 Bealtaine 2024

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 9850/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 9874/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 9876/24

**Teileachumarsáid**

1. **Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an Aontais** ❶C 9645/1/24 REV 1 + ADD 1 REV 2 PE-CONS 24/24 TELECOM
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 15 Bealtaine 2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 16 agus 114 CFAE).

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Fuinneamh**

2. **Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas** ❶C 9643/24 PE-CONS 1/24 ENER
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 15 Bealtaine 2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 194(2) CFAE).

3. **Treoir lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 15 Bealtaine 2024

❶C

9644/24
**+ COR 1 (cs)**
+ ADD 1
PE-CONS 2/24
ENER

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ungáir ag vótáil ina choinne, (bunús dlí: Airteagal 194(2) CFAE).

Leagtar amach an ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

4. **Rialachán maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis in-athnuaite agus nádúrtha agus le haghaidh na hidrigine (athmhúnlú)**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 15 Bealtaine 2024

❶C

9641/24
PE-CONS 105/23
ENER

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ungáir ag vótáil ina choinne, (bunús dlí: Airteagal 194(2) CFAE).

5. **Treoir maidir le comhrialacha le haghaidh na margaí inmheánacha sa ghás in-athnuaite agus nádúrtha agus sa hidrigin (athmhúnlú)**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 15 Bealtaine 2024

❶C

9642/24
PE-CONS 104/23
ENER

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ungáir ag vótáil ina choinne, (bunús dlí: Airteagal 194(2) CFAE).

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. **Cur chun feidhme an chreata rialála: cur chuige comhoibríoch chuig cur chun feidhme ciallmhar** 9487/24
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir le cur chuige comhoibríoch i leith cur chun feidhme ciallmhar.

4. **Conclúidí maidir le todhchaí bheartas digiteach an Aontais** 9484/24
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle téacs na gconclúidí mar a leagtar amach sa doiciméad thuasluaite é.

5. **Conclúidí maidir le todhchaí na cibearshlándála: cur chun feidhme agus comhchosaint** 9252/24
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle téacs na gconclúidí mar a leagtar amach sa doiciméad thuasluaite é.

**Aon ghnó eile**

6. (a) **Tionscnaimh idirnáisiúnta sa réimse dhigiteach: staid na himeartha** 9920/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(b) **Creat-Chomhaontú maidir leis an intleacht shaorga, le cearta an duine, leis an daonlathas agus leis an smacht reachta** 9794/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(c) **Tuarascáil ón Uachtaránacht: príomhghnéithe den chomhdháil ardleibhéil maidir leis an ngá atá le treoir nua um seirbhísí poist** 9762/1/24 REV 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(d) **Forléargas ar imeachtaí na hUachtaránachta sa Bheilg** 9796/1/24 REV 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(e) Saoránaigh agus gnólachtaí a chumhachtú sa chlaochlú digiteach trí úsáid réasúnach uaillmhianach a bhaint as Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí** [2] 9811/2/24 REV 2
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Danmhairge, na Polainne agus na Seicia*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí na Danmhairge, na Polainne agus na Seicia ar fáil.

(f) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Ungáir*

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 9876/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an Aontais**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC**

'Is díol sásaimh don Fhrainc glacadh an téacs nuálaigh seo, lena n-áiritheofar go mbeidh rochtain shlán ag saoránaigh uile an Aontais ar na nuálaíochtaí is féidir a dhéanamh leis an intleacht shaorga agus arb é an chéad chéim de rialáil na hintleachta saorga é ar leibhéal domhanda.

Anois agus céim chur chun feidhme an Rialacháin romhainn, ba mhaith leis an Fhrainc a fheiceáil go gcuirfear chun feidhme é faoi chreat a bheidh fabhrach d'fhorbairt na nuálaíochta san Eoraip, ionas go mbeidh an rialachán seo mar chuid, i bhfírinne, de straitéis dhaingean Eorpach chun tacú le héiceachóras Eorpach nuálaíochta na hintleachta saorga a neartú.

Dá bhrí sin, athdhearbhaíonn an Fhrainc go dtacaíonn sí leis an dearbhú ón gCoimisiún Eorpach a rinneadh ag an gcruinniú a bhí ag Coreper an 2 Feabhra 2024, inar foráladh go háirithe don mhéid seo a leanas:

- grúpaí saineolaithe agus comhairliúcháin a bhunú le páirtithe leasmhara chun cur chun feidhme comhpháirteach an Rialacháin le rialacháin earnála eile is infheidhme a éascú, chun aon ualach riaracháin nó iomarcaíocht neamhriachtanach ar ár ngnólachtaí a sheachaint;
- samhail a ghlacadh le haghaidh 'achoimre sách mionsonraithe' ar na sonraí a úsáidtear chun oiliúint a chur ar shamhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha agus ar threoirlínte lena n-úsáid, chun cothromaíocht a áirithiú idir rúndacht ghnó a chosaint agus feidhmiú ceart ag sealbhóirí cóipchirt a éascú;
- cur chun feidhme solúbtha an Rialacháin a sheasfaidh an aimsir, ionas go ndéanfar an corpas dlíthiúil sin a leasú agus a nuashonrú de réir mar is gá agus chun dul chun cinn teicneolaíoch a chur san áireamh, go háirithe maidir leis na paraiméadair aicmithe is infheidhme maidir le samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha.'

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Ó thús na caibidlíochta, d'oibrigh an Ostair chun an intleacht shaorga a rialáil ar bhealach a dhíríonn ar a húsáid shábháilte agus ar na tairbhí a bhaineann léi do dhaoine. Ní mór gníomh dlí den chineál sin a bheith i gcomhréir le cearta bunúsacha agus cearta an duine agus ní mór dó cuidiú le muinín as an intleacht shaorga a chur chun cinn i measc na ndaoine sin a bhfuil imní orthu ina leith.

Tugtar faoi deara nár chuir an téacs comhréitigh maidir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga deireadh iomlán le hábhair imní áirithe atá ag an Ostair maidir le cosaint sonraí agus cearta tomhaltóirí. Leagtar amach na hábhair imní sin thíos:

- Tá amhras orainn faoi shubstaint an chinnidh <u>inghlacthacht</u> agus <u>teorainneacha na gcleachtas forfheidhmithe dlí</u> a rialáil <u>in uirlis rialála margaidh</u> ar nós an Gníomh um an Intleacht Shaorga. Tá éagsúlacht shuntasach idir an gá atá leis an intleachta shaorga a úsáid agus na rioscaí a bhaineann lena húsáid ag brath ar cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear í i dtimpeallacht phríobháideach/thráchtála nó i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an dlí.

- Na heisceachtaí a leagtar síos in Airteagal 5(1)(h) maidir le húsáid cian-fheidhmchlár sainaitheanta bithmhéadraí 'fíor-ama' i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu chun críoch fhorfheidhmiú an dlí, tá siad ró-fhorleathan agus níl siad ag teacht le tuiscint na hOstaire ar chur isteach comhréireach ar chearta bunúsacha na saoránach. Aithnímid gur cuireadh clásail thábhachtacha maidir le coimirce isteach sa téacs le linn na caibidlíochta. Ní leor iad sin, áfach, chun ábhair imní maidir le cur isteach ar chearta bunúsacha a dhíbirt, go háirithe maidir le sonraí pearsanta na saoránach a chosaint.
- Is ionann cian-fheidhmchláir sainaitheanta bithmhéadraí 'iar-aimseartha' a úsáid chun críoch fhorfheidhmiú an dlí agus dianchur isteach ar chearta bunúsacha na saoránach agus, dá bhrí sin, ba cheart é a bheith san áireamh sa liosta de chleachtais (dian)toirmiscthe a leagtar síos in Airteagal 5. Ní chomhfhreagraíonn a n-aicmiú mar fheidhmchláir intleachta saorga ardriosca don riosca a bhaineann le húsáid na bhfeidhmchlár sin.
- Ar an gcaoi chéanna, ba cheart úsáid feidhmchlár aitheanta mothúcháin nó catagóirithe bhithmhéadraigh a bheith san áireamh sa liosta de chleachtais (dian)toirmiscthe a leagtar síos in Airteagal 5, ós rud é gur dianchur isteach iad ar chearta bunúsacha na saoránach. Ní chomhfhreagraíonn a n-aicmiú mar chórais intleachta saorga ardriosca don riosca a bhaineann le húsáid na bhfeidhmchlár sin.
- Níl díolúine rannpháirtithe i mboscaí gainimh rialála ó fhíneálacha a fhorchur, dá bhforáiltear in Airteagal 57(12), comhsheasmhach le hAirteagal 83 RGCS, nach bhforáiltear leis do dhíolúine mar sin i gcás sáruithe ar chosaint sonraí. Sa mhéid gur ordú forfheidhmiúcháin é sin d'údaráis mhaoirseachta um chosaint sonraí, tá sé contrártha le hAirteagal 52 RGCS toisc nach mór do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta gníomhú le neamhspleáchas iomlán i gcomhlíonadh a gcúraimí faoi Airteagal 52(1) RGCS agus ní mór dóibh a bheith in ann cinneadh a dhéanamh maidir le fíneálacha a fhorchur go hiomlán neamhspleách.
- Foráiltear le hAirteagal 59(1) d'údarú ginearálta, neamh-idirdhealaitheach agus cothrománach chun aon sonraí pearsanta a phróiseáil i mboscaí gainimh rialála. Ó thaobh na cosanta sonraí de, tá an fhoráil sin ródhoiléir agus, dá bhrí sin, ní féidir í a bheith ina bunús dlí le haghaidh próiseáil sonraí. Níl sé intuartha ar bhealach ar bith don ábhar sonraí go n-athúsáidfear sonraí pearsanta a bhailítear chun críocha nach bhfuil aon nasc substainteach ná foirmiúil acu leis an gcuspóir tosaigh. A mhéid atá sé beartaithe go mbeidh an fhoráil ina cineál athúsáide atá 'comhoiriúnach' de réir bhrí Airteagal 6(4) RGCS, ba cheart a thabhairt faoi deara nach beart riachtanach comhréireach é Airteagal 59(1) i sochaí dhaonlathach chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 23(1) a chosaint de bhun Airteagal 6(4) RGCS. Thairis sin, ní dhéantar idirdhealú san fhoráil idir catagóirí speisialta sonraí pearsanta de bhun Airteagal 9(1) RGCS agus sonraí pearsanta eile. Dar leis an Ostair, ní cheadaítear catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhonn Airteagal 6(4) RGCS agus tagann sé salach ar an measúnú riosca is bonn le RGCS.
- Thairis sin, déantar neamhaird iomlán le hAirteagal 59(1) ar phrionsabal cosanta sonraí an íoslaghdaithe sonraí de bhun Airteagal 5(1)(c) RGCS, toisc nach bhfuil raon feidhme ná catagóirí na sonraí pearsanta a d'fhéadfaí a phróiseáil i mboscaí gainimh rialála teoranta ar bhealach ar bith.
- Tá an t-údarú chun Iarscríbhinn III a leasú róchúng ó thaobh beartas tomhaltóirí de. Dá gcinnfeadh an Coimisiún Eorpach gur gá feidhmchláir, táirgí nasctha nó cúntóirí fíorúla mar shampla, a áireamh ar liosta na gcóras ardriosca i gcomhréir le hIarscríbhinn III, ní thiocfaidís faoi phointí 1 go 8 d'Iarscríbhinn III agus dá bhrí sin ní fhéadfaí iad a chur san áireamh.'

**<u>Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'A':</u>** **Treoir lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Áirítear san athchóiriú ar an margadh leictreachais roinnt gnéithe dearfacha lena spreagtar teicneolaíochtaí ísealcharbóin atá ríthábhachtach don aistriú fuinnimh, agus aithnítear ann ról an fhuinnimh núicléach mar fhoinse fuinnimh ghlain chun dícharbónú sábháilte inbhuanaithe an gheilleagair a bhaint amach. Ní thacaíonn an Ungáir, áfach, le glacadh na Treorach, ós rud é go gcreidimid nach dtugann Airteagal 66a maidir leis an ngéarchéim praghsanna leictreachais dóthain solúbthachta don Ungáir chun praghsanna inacmhainne a áirithiú agus chun rialachán maidir le praghsanna faoi bhun costais a chur i bhfeidhm chun tomhaltóirí teaghlaigh a chosaint i gcás géarchéim fuinnimh. Creidimid gur cheart é a bheith de cheart ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh dá rogha féin nuair a tharlaíonn géarchéim agus praghsanna leictreachais a shocrú faoi bhun costais, ionas nach n-íocfaidh tomhaltóirí teaghlaigh praghsanna iomarcacha fuinnimh.'